An Grá Faoi Ghlas, Aonad 4

Agus an Corcaíocht , Conor, imithe uathu tá muintir an tí ag díriú ar lá nua. Inniu cuirfear iomaitheoir nua in aithne orthu. Fear nó bean? Duine deas nó duine gránna? Fad 's atá siad ag fanacht le teacht an iomaitheora nua tá muintir an tí ag cur leis an aithne atá acu ar a chéile sa seomra aclaíochta.

*****

Dó dhéag a sé.
Dia dhaoibh.
Dia 's Muire duit.

*****

[*Is mise Stiofán. Tá mé tríocha a cúig bliain d'aois. Is as cathaoir Chill Chainnigh mé agus tháinig mé anseo chun titim i ngrá.*]

*****

Dia leat Aingeal.
So, tá siopa éadaí agat?
Tá. Is maith liom an obair sin.
Is breá liomsa siopaí éadaí.
Bhuel, is siopa éadaí fear atá agam féin.
Agus an maith leat Cill Chainnigh?
Is breá liom í.
So, cén saghas poist atá agat féin?
Is múinteoir bunscoile mé.
Ó sin obair an-spéisiúil.
Tá sé ceart go leor.
Is maith liom an léine sin.
Ó sean-rud é seo.
Tá an dath sin go h-álainn ort.

*****

[*Bhuel, Aingeal [cad le rá agat faoi Stiofán]?*
Is maith liom Stiofán, caithim a rá. Tá sé béasach agus tá sé suimiúil le labhairt leis.
Meas tú an maith leisean tusa?
Measaim é. Tá súil agam gur maith ar aon nós.]

*****

Suigh síos anseo, Stiofán, agus tarraingeoidh mé do phictiúr.
Maith go leor.
An bhfuil tú compordach?
Tá.
So, cén fáth gur tháinig fear breá cosúil leatsa anseo?
An fáth céanna a dtáinig bean bhreá cosúil leatsa!
Fan socair!
An ealaíontóir thú?
Ó ní h-ea. Níl ann ach caitheamh aimsire.

*****

[?] Caithfidh tú fanacht socair nó ní bheidh mé in ann tú a tharraingt i gceart.
Á!
Gabh mo leithscéal, Rita. An bhfuil tú ceart go leor, Aingeal?
Ó tá, tá mé go breá.
Aingeal, tá brón orm faoi sin.
Is orm féin an locht.

*****

[*Tá tú tar éis éiri cairdiúil le Aingeal, nach bhfuil?*
Tá. Is maith liom Aingeal. Tá sí cúthaileach, ach is breá liomsa mná atá cúthaileach.
Cén fáth sin?
Bhuel, b'fhéidir go bhfuilim beagáinín cúthaileach mé féin.
Céard faoi Rita?
Rita? Bhuel níl sí cúthaileach ar aon nós.]

*****

Haigh, ní féidir leis an rí é sin a dhéanamh.
Shíl mé go raibh cead aige dul treo ar bith.
Spás amháin treo ar bith.
Tá sé iontach casta.
Níl nuair a théann tú i dtaithi air.
A Stiofáin, an bhfuil eolas ar bith agatsa ar an gcluiche seo?
Ficheall?
'Sea.
Nílim go maith aige. Níl an cinnéal sin intinne agam.
Ná agam féin ach an oiread. Tá sé ag cur tinneas cinn orm.
Céard faoi cluiche leadóg boird?
Ba bhreá liom cluiche. An bhfuil spéis agat sa spórt?
Tá go deimhin.
Cífidh mé níos moille thú, Darren. Ceart go leor?
Tá go maith.

*****

Déan dearmad uirthi sin.
Gabh mo leithscéal?
Í sin as Dún na nGall.
Sorcha is ainm di agus ní bhaineann sé leat.
Seo 'An Grá Faoi Ghlas', Darren. Baineann gach rud le gach éinne anseo.
Dún do bhéal, Rita.

*****

[*Cífidh mé níos moille thú. Cífidh mé níos moille thú.*]

Ceisteanna

1. Cén slí bheatha atá ag an iomaitheoir nua?
2. Cad a cheapann Stiofán faoi mhúinteoireacht bunscoile?
3. Cén tréithe Stiofáin a thaitníonn le hAingeal?
4. Cad é an tréith Aingil a thaitníonn le Stiofán?
5. Cén riail fhicheille a bhriseann Sorcha?
6. An bhfuil spéis ag Stiofán sa spórt?
7. Cén fáth a bhfuil fearg ar Dharren ag an deireadh?